**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le hobair leanúnach chun a áirithiú go mbeidh fáil ar na taifid atá le coinneáil ag úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí i bhformáid leictreonach de bhun Airteagal 67(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(2022/C 466/06)

Leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an Straitéis "ón bhFeirm go dtí an Forc", bunaítear laghdú ar úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo mar phríomhchuspóir don Aontas. D'fhonn beartais éifeachtacha agus beartais a bhfuil tionchar leo a áirithiú, tá ríthábhacht le sonraí stóinsithe agus sonraí cuimsitheacha maidir le húsáid lotnaidicídí ar leibhéal na feirme. Maidir leis an obair leanúnach chun a áirithiú go mbeidh fáil ar na taifid a choinníonn úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí i bhformáid leictreonach, is toisc chumasúcháin thábhachtach í chun na hoibleagáidí tuairiscithe maidir le lotnaidicídí a chur chun feidhme, oibleagáidí ar cuid de Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (SAIO) iad.

Dá bhrí sin, d'ullmhaigh an Coimisiún Dréacht-Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún, ar bhonn Airteagal 67(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), a mhéid a bhaineann le hinneachar agus le formáid na dtaifead ar úsáid táirgí cosanta plandaí atá le coinneáil ag úsáideoirí gairmiúla i gcomhréir le hAirteagal 67(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

Dá nglacfaí an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, mar a fhoráiltear faoi láthair, dhéanfaí an coimeád taifead a cheanglaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a rialú go mionsonrach, lena n áirítear trí na heilimintí atá le taifeadadh ag na húsáideoirí gairmiúla a shainaithint, agus trína áirithiú go mbeidh na taifid sin ar fáil i bhformáid leictreonach ón 1 Eanáir 2025 ar a dhéanaí.

Tá an dréacht den Rialachán Cur Chun Feidhme sin á phlé faoi láthair ag an mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, an Roinn Fíteacógaisíochta – Reachtaíocht. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún tuairim an choiste a lorg de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) sna míonna amach romhainn.

Beartaíonn an Coimisiún an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a ghlacadh roimh dheireadh 2022.

---

([1]) Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le staidreamh i ndáil le hionchur agus le haschur talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún agus lena n aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1165/2008, (CE) Uimh. 543/2009 agus (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle (IO L 315, 7.12.2022, lch. 1).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).